

# Fíricí faoin Vacsaín HPV agus Ailse Cheirbheacs



Arna fhoilsiú ag an Oifig Náisiúnta Imdhíonta, Meán Fómhair 2018

Leis an vacsaín papalómaivíreas daonna (HPV) cosnaítear cailíní sa chaoi is nach dtolfaidh siad ailse cheirbheacs nuair a bheidh siad lánfhásta. Tá sé cruthaithe le fianaise eolaíoch thar na bearta go bhfuil an vacsaín HPV sábháilte, éifeachtach.

Léigh le do thoil na fíricí seo faoin vacsaín HPV agus ailse cheirbheacs.

Ó mhí Mheán Fómhair 2017 i leith, tá feabhas sciobtha tagtha ar an éileamh atá ar an vacsaín HPV. Tá sé ríthábhachtach go gcoinneofar leis an treo sin chun laghdú a dhéanamh ar líon na gcásanna ailse ceirbheacs.

## Papalómaivíreas daonna (HPV)

- Scaiptear ionfhabhtú den phapalómaivíreas daonna (HPV) trí theagmháil dhíreach (gnéasach de ghnáth) le duine ionfhabhtaithe.
- Beidh ionfhabhtú HPV ar 80% de na mná le linn a saoil, nuair a bheidh siad amach sna déaga nó go luath sna fichidí de ghnáth.
- Tagann biseach ar fhormhór na gcásanna den ionfhabhtú HPV go nádúrtha ach féadann cuid acu de chúis cineálacha ard-riosca HPV dul ar aghaidh go dtí an ailse cheirbheacs.
- Dhá chineál ard-riosca HPV (16 agus 18) is cúis le breis is 70% de na hailsí ceirbheacs.

## Ailse cheirbheacs

- Tá ceann de na rátaí is airde den ailse cheirbheacs in Iarthar na hEorpa ag Éirinn. I gcás beagnach seisear ban as gach deichniúr, ní bhíonn 50 bliain slánaithe acu an tráth a dhéantar a dhiagnóisiú go bhfuil an galar orthu.
- Gach bliain in Éirinn
  - faigheann 90 bean bás le hailse cheirbheacs
  - teastaíonn cóireáil (máinliacht, ceimiteiripe agus/nó radaiteiripe) ó bhreis is 280 bean (mná óga a lán acu) mar gheall ar ailse cheirbheacs ionrach
  - teastaíonn cóireáil ospidéal ó bhreis is 6,500 bean mar gheall ar riocht réamhailseach den ailse cheirbheacs.

## Vacsaín HPV

- Is ann do thrí vacsaín HPV cheadúnaithe: HPV2, HPV4 agus HPV9.
- Ar na comhlachtaí idirnáisiúnta agus náisiúnta a bhfuil an vacsaín HPV á moladh acu tá:
  - an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte
  - an Chónaidhm Idirnáisiúnta Obstatraithe agus Ginéiceolaithe
  - Ionaid na Stát Aontaithe um Ghalair a Chosc agus a Rialú
  - gach ceann de na 70 Lárionad Náisiúnta don Ailse atá ainmnithe i SAM
  - an Cumann Meiriceánach um Oinceolaíocht Chliniciúil
  - Coláiste Ríoga na Lianna in Éirinn
  - Cumann Ailse na hÉireann
- HPV4 (Gardasil) an vacsaín HPV a úsáideann FSS sa chlár vacsaínithe HPV sna scoileanna.

## Gardasil

- tugtar cosaint leis in aghaidh
  - dhá chineál HPV a mbaineann baol ard leo (HPV 16 agus 18) agus arb iad is cúis le 70% de na cásanna ailse agus réamhailse ceirbheacs
  - dhá chineál HPV is cúis le 90% de na faithní ginitíúla.
- tá sé ceadúnaithe in 132 tír ar fud an domhain ó 2006.
- baintear leas as in 84 clár imdhíonta HPV ar fud an domhain atá cistithe ag rialtas, lena n-áirítear clár sa Ríocht Aontaithe, i Stáit Aontaithe Mheiriceá, i gCeanada, san Astráil agus sa Nua-Shéalainn.
- Tá 244 milliún dáileog dailte ar fud an domhain.
- in Éirinn rinneadh níos mó ná 750,000 dáileog a dháileadh agus fuair níos mó ná 240,000 cailín an cúrsa iomlán vacsaínithe.

## Sábháilteacht na vacsaíní HPV

- Déantar dian-tástáil sábháilteachta ar na vacsaíní go léir sula gceadúnaítear iad.
- Tar éis di bheith curtha i bhfeidhm, déantar monatóireacht leanúnach ar shábháilteacht vacsaíne chun fo-iarmhairtí gurb í an vacsaín is cúis leo a shainaithint.
- Anailísítear ‘teagmhas’ míochaine ar bith a thuairiscítear tar éis vacsaín a thabhairt féachaint an í an vacsaín is cúis leis.
- Deir an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach, Ionaid na Stát Aontaithe um Ghalair a Chosc agus a Rialú agus an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte i gcónaí go bhfuil na vacsaínithe HPV sábháilte agus nach ngabhann fo-iarmhairtí fadtéarmacha aitheanta ar bith leo.

Léiríonn fianaise a d’fhoilsigh an Cochrane Review (2018) go bhfuil vacsaíní HPV sábháilte agus go dtugann siad cosaint ar réamhailse ceirbheacs.

## Fo-iarmhairtí na vacsaíne HPV

Is iad na fo-iarmhairtí aitheanta ná:

- Beidh pian, at agus deargadh sa láthair insteallta agus/nó tinneas cinn ar thuairim is cailín amháin as gach deichniúr.
- Beidh masmas, pian sa láimh vacsaínithe agus fiabhras séimh ar thuairim is cailín amháin as gach 100 cailín.
- Beidh gríos tochasach nó aodh thochais ar chailín amháin as gach 1,000 go 10,000 cailín.
- Is fíor-annamh a tharlaíonn droch-fhrithghníomhú ailléirgeach a mbíonn deacracht anála i gceist leis (thart ar 1 duine amháin as gach 1 mhilliún).
- Scaití titeann cailíní i bhfanntais i ndiaidh dóibh instealladh a fháil. Moltar do na cailíní fanacht ina suí ar feadh 15 nóiméad i ndiaidh an vacsaínithe. Cabhraíonn sé sin le fanntais a chosc.

# Fíricí faoin Vacsaín HPV agus Ailse Cheirbheacs



Arna fhoilsiú ag an Oifig Náisiúnta Imdhíonta, Meán Fómhair 2018

Tá sé léirithe ag anailís leanúnach nach ann d'fhianaise eolaíoch lena ndéantar nasc idir vacsaíní HPV agus aon riocht sláinte fadtéarmach.

## Siondróm tuirse ainsealaí (CFS)

- Is fios le breis is 200 bliain gur ann dó.
- Tá sé 3-4 huairé níos coitianta i measc ban/cailíní agus i measc déagóirí óga.
- Is é an chúis is coitianta le daoine a bheith as láthair ón scoil ar feadh tréimhse fhada.
- Meastar go bhfuil tuairim is 10,000 cás de in Éirinn.
- Is é an ráta measta in Éirinn ná 0.2-0.4% agus mar sin bheifí ag súil leis go dtarlódh 440-880 cás ar a laghad i measc 240,000 cailín a fuair an vacsaín in Éirinn.
- Leis an fhírinne a rá, tá an líon atá tuairiscithe níos ísle ná mar a bhíodhas ag súil leis.
- Tá sé léirithe le staidéir eolaíochta sa Ríocht Aontaithe (2013) agus san Iorua (2017), agus ag athbhreithniú domhanda a rinne an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (2015) agus an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (2017) nach bhfuil baint ag an CFS leis an vacsaín HPV.

Ar fud an domhain, tá sé tuairiscithe ag údaráis rialála nach bhfuil aon mhéadú tagtha ar aon riocht sláinte fadtéarmach i measc cailíní a fuair an vacsaín i gcomparáid leo siúd nach bhfuair í.

## Tionchar na vacsaíne HPV

- Tugann na vacsaíní HPV cosaint de bhreis is 99% in aghaidh an ionfhabhtaithe le cineálacha den víreas HPV a bhíonn ina gcúis leis an ailse.
- Is éifeachtaí a oibríonn na vacsaíní HPV nuair a thugtar ag aois 12 go 13 bliana iad agus tabharfaidh siad cosaint ar feadh na haois.

- Tharla an tionchar is fearr i dtíortha inar ghlac go leor daoine leis an vacsaín.
- Sa Ríocht Aontaithe, tá an vacsaín faighte ag beagnach naonúr cailín as gach deichniúr ó 2008 i leith. Bhí laghdú 90% ar líon na gcásanna ionfhabhtaithe HPV i measc cailíní a fuair an vacsaín, céatadán ba mhó fós ná mar a bhíodhas ag súil leis.
- Tá laghdú suas le 75% tagtha ar líon na meallta réamhailseacha sa cheirbheacs i dtíortha ar nós na hAstráile, na Sualainne agus na hAlban.

## Cén fáth go dtugtar vacsaíní HPV (agus vacsaíní eile) i scoileanna?

- Tá fianaise eolaíoch ann go nglacann níos mó daoine i bhfad leis na vacsaíní nuair a thugtar sna scoileanna iad, i measc déagóirí ach go háirithe.
- Tá cláir scoil-bhunaithe ag na tíortha a raibh an tionchar is fearr ag an vacsaín HPV orthu ar nós na hAlban agus na hAstráile.
- Molann an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte gur fearr vacsaíní na haoise scoile a thabhairt sna scoileanna (an uair is déanaí i mBealtaine 2017).
- Cuireann tabhairt na vacsaíní sna scoileanna leis an gcomhionannas. Is ionann an deis a bhíonn ag gach scoláire chun vacsaíniú a fháil.

Féadann cailíní sinsearach a scoileanna an vacsaín a fháil i gcónaí – is ceart dóibh dul i dteagmháil le foirne vacsaínithe scoile FSS.

Molann an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte go láidir an vacsaín HPV a úsáid chun ailse cheirbheacs a chosc.

## An t-eolas ó FSS le haghaidh tuismitheoirí,

tá sé

- cruinn ó thaobh na heolaíochta de agus tacaíonn comhlachtaí saineolaíoch rialála, náisiúnta agus idirnáisiúnta leis.
- ag teacht le treoir HIQA “Communicating in Plain English” (Iúil 2015).

Maidir leis an mbileog seo:

- áirítear inti gach fo-iarmhairt aitheanta ón vacsaín HPV atá cruthaithe go heolaíoch.
- cuireadh le chéile í ar bhonn an doiciméadaithe cheadúnaithe i gcomhair na vacsaíne.
- tá sí curtha i láthair i bhfriotail shoiléir shimplí agus tá sí faofa ag an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh sa chaol is gur furasta í a thuiscint.
- tá nasc inti le tuilleadh eolais faoin vacsaín, an Bhileog Eolais d'Othair san áireamh.

Tabhair cuairt ar nó déan an cód QR a scanadh chun an t-eolas cheadúnaithe (Bileog Eolais d'Othair) faoin vacsaín a léamh.



Chun níos mó eolais a fháil téigh chuig [www.hpv.ie](http://www.hpv.ie).

@hseimm #ProtectOurFuture  
Cód Ordaithe: HNI00992